# Gné 2: Prionsabail, amhail Cearta an Linbh agus Íomhá Linbh an Chleachtóra

## Gníomhaíocht G: Prionsabail a bhaineann leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn leanaí

| Prionsabail a bhaineann leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn leanaí | |
|---|---|
| Bíonn leanaí ag foghlaim go leor rudaí éagsúla ag an am céanna agus ar bhealaí éagsúla. Cuireann siad lena n-eolas agus lena n-eispéireas tríd an súgradh agus tríd an bhfoghlaim ghníomhach le heispéiris theagmhálacha. Ar an gcaoi sin, forbraíonn siad meonta, scileanna, dearcthaí agus luachanna, eolas agus tuiscint. Cinntíonn an measúnú leanúnach go ndéantar forbairt ar eispéiris agus go mbíonn siad idir ábhartha agus bhríoch. Tá cumarsáid agus teanga ríthábhachtach ó thaobh na luathfhoghlama agus na luathfhorbartha de. Imríonn timpeallachtaí, bídís laistigh nó lasmuigh, atá ionadaíoch do na leanaí uile tionchar ar a bhfoghlaimíonn na leanaí agus ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn siad. Cothaíonn dea-thimpeallachtaí an neamhspleáchas, an fhiosracht agus an muintearas. | • Súgradh (A agus S)<br>• Timpeallacht (A agus S)<br>• Foghlaim agus forbairt iomlánaíoch (A)<br>• Foghlaim ghníomhach (A)<br>• Eispéiris ábhartha agus bhríocha (A)<br>• Cumarsáid agus teanga (A) |

Cabhróidh an ghníomhaíocht seo leat foghlaim faoi na prionsabail a bhaineann leis an gcaoi a bhfoghlaimíonn agus a bhforbraíonn leanaí agus tabharfaidh sé deis duit plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfá na prionsabail seo a chur i bhfeidhm i do chuid oibre le leanaí.


NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

**Tabhair trí shampla ar an gcaoi a gcuirtear na prionsabail seo i bhfeidhm i do churaclam.**

1.

2.

3.

**Luaigh trí rud a dhéanfaidh tú an tseachtain seo chugainn leis na prionsabail seo a dhéanamh níos feiceálaí i do churaclam.**

1.

2.

3.



NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

**Tabhair dhá chúis a gceapann tú go bhfuil tábhacht ag baint leis na prionsabail i dtaobh do churaclaim.**

1.

2.